


BioBeo

Co-funded by the European Union

# Treoirnótaí ar an bhFíseán 'Sustainable Fish in a Bioeconomy'

## Clár


**Sustainable Fish in a Bioeconomy** **2**

**Sula mbreathnaíonn tú…** **2**

Eolas Bunúsach faoin mBithgheilleagar 2

Iniúchadh a dhéanamh ar Idircheangailteacht 3

Réamheolas faoin bhFíseán 3

**Agus tú ag breathnú…** **3**

Éisteacht Ghníomhach 3

Rannpháirtíocht Amhairc 4

Rannpháirtíocht Idirghníomhach 4

**Tar éis duit breathnú…** **4**

Plé agus Machnamh 4

Gníomhaíochtaí 4

TÍREOLAÍOCHT, MATA (Timpeallachtaí Daonna, Scileanna Léarscáile, Uimhearthacht) 4

OSPS, DRÁMAÍOCHT (Mise & an Domhan Mór) 5

CORPOIDEACHAS, MATAMAITIC, TEANGA (Cluichí, Eachtraíocht Allamuigh) 5

DRÁMA (Iniúchadh agus Léiriú) 6

MUSIC (Listening, Performing) 6

BÉARLA, EALAÍN (Ó bhéal, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht, Líníocht) 6

GAEILGE (Labhairt, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht) 7

STAIR (Leanúnachas agus Athrú) 7

EALAÍN (Líníocht, Tógáil, Fabraic & Snáithín) 8

EOLAÍOCHT (OSE: Rudaí Beo, Feasacht Chomhshaoil) 9

BÓNAS – Leathnaigh go dtí EALAÍN + EOLAÍOCHT: 10

**Measúnú** **10**

# Treoirnótaí ar an bhFíseán 'BioBeo Sustainable Fish in a Bioeconomy’

(Aoiseanna: 7-15, inoiriúnaithe)




Sustainable Fish in a Bioeconomy

# Sula mbreathnaíonn tú…

## Eolas Bunúsach faoin mBithgheilleagar

Tosaigh le plé a dhéanamh ar choincheap an bhithgheilleagair. An bhfuil mórán eolais ag na páistí air? Cad atá ar eolas acu? D’fhéadfá tosú ansin le coincheap an bhithgheilleagair a mhíniú do na páistí más gá. Déan plé leo ar an gcaoi a úsáidtear acmhainní nádúrtha cosúil le plandaí, ainmhithe agus miocrorgánaigh le bia, ábhair agus fuinneamh a tháirgeadh gan dochar a dhéanamh don phláinéid agus ar bhealach i

bhfad níos inbhuanaithe. Cuir béim ar thábhacht na hinbhuanaitheachta agus na ciorclaíochta sna próisis seo.

Ar chuala na páistí riamh trácht ar na coincheapa lárnacha seo a leanas atá san fhíseán?

- **Dobharshaothrú -** Éisc a shaothrú in uisce.
- **Hidreapónaic -** Plandaí a fhás in uisce gan chré.
- **Uisceadánaíocht -** Dobharshaothrú agus hidreapónaíocht a chomhcheangal i gcóras ciorclach.
- **Inbhuanaitheacht -** an cleachtas le freastal ar riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin.
- **Bithgheilleagar -** táirgeadh, úsáid agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha ar mhaithe le hearraí, seirbhísí agus fuinneamh inbhuanaithe a sholáthar.

## Iniúchadh a dhéanamh ar Idircheangailteacht

Déan plé ar an gcoincheap go bhfuil gach gné den dúlra idircheangailte. Déan plé ar an gcaoi a imríonn gníomhartha i gcuid amháin den éiceachóras tionchar ar chodanna eile de. Bain úsáid as samplaí simplí ar nós an bealach a phailníonn beacha bláthanna, rud a fhágann go bhfásann torthaí agus glasraí. Tóg túr cártaí i ngrúpaí. Má thiteann cárta amháin, cad a tharlaíonn do na cinn eile? Ansin pléigh conas a dhéantar rudaí agus conas a tháirgtear ár mbia. Cad as a dtagann sé?

## Réamheolas faoin bhFíseán

Ullmhaigh na páistí don fhíseán. Fiafraigh díobh an bhfuil a fhios acu cá bhfuil Beirlín? An cathair í? An bhfuil sí in Éirinn? Iarr orthu smaoineamh ar na ceisteanna seo.

# Agus tú ag breathnú...

## Éisteacht Ghníomhach

Iarr ar na páistí éisteacht go cúramach leis an gcomhrá idir Beo agus a cara sa ollmhargadh.

## Rannpháirtíocht Amhairc

Agus na daltaí ag breathnú ar an bhfíseán, cuir roinnt léaráidí suimiúla in iúl dóibh.

## Rannpháirtíocht Idirghníomhach

Iarr ar na daltaí na heilimintí éagsúla den dúlra a luaitear sa fhíseán a aithint agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil siad ceangailte. Iarr orthu focail thábhachtacha a scríobh síos, go háirithe cinn nua nach bhfuil ar eolas acu!

# Tar éis duit breathnú…

## Plé agus Machnamh

Treoraigh plé faoi théamaí an amhráin. Fiafraigh de na páistí céard a d’fhoghlaim siad faoin mbithgheilleagar agus faoin idircheangailteacht. Spreag iad lena gcuid smaointe agus mothúchán faoin bhfíseán a roinnt.

## Gníomhaíochtaí

### TÍREOLAÍOCHT, MATA (Timpeallachtaí Daonna, Scileanna Léarscáile, Uimhearthacht)

**Gníomhaíocht:** Aimsigh Beirlín & Rianaigh an Turas

**Nasc Físeáin:** *“Wow, this fish comes from around here? It's produced in BB…Berlin?”*

Bain úsáid as cruinneog nó léarscáil le Beirlín a aimsiú. An féidir leat turas a mhapáil ó do scoil go Beirlín? An bhféadfá turas inbhuanaithe a dhéanamh? Siúl, rith, rothaigh, traein? I ngrúpaí, déan an turas a mhapáil agus a bhuiséadú! Cuir torthaí an ghrúpa i láthair don rang. Bronnfar an teideal *Seaimpíní Taistil BioBeo* ar an ngrúpa a chruthaíonn an turas is inbhuanaithe!

**Tarraing slabhra soláthair simplí:** Beirlín → Ollmhargadh → Beo & Raja.

**Forbairt:** Aimsigh feirmeacha éisc áitiúla in Éirinn agus déan comparáid idir mílte/turais bia.

**Scileanna:** Mapáil, naisc áitiúla-dhomhanda

## OSPS, DRÁMAÍOCHT (Mise & an Domhan Mór)

**Gníomhaíocht:** Rólghlacadh Roghanna Inbhuanaithe

**Nasc Físeáin:** *"Let's buy this fish – it's sustainable!"*

**Nod:** An cuimhin leat nuair a léigh Beo agus Raja lipéad bia? Céard a roghnófá sa siopa – agus cén fáth?

**Roleplay supermarket scenes:** Bia áitiúil, inbhuanaithe a roghnú seachas bia iompórtáilte, neamh-inbhuanaithe.

Cruthaigh gníomhaíocht "Bleachtaire Lipéid Ghlais".

**Scileanna:** Cinntí a dhéanamh, feasacht chomhshaoil

## CORPOIDEACHAS, MATAMAITIC, TEANGA (Cluichí, Eachtraíocht Allamuigh)

**Gníomhaíocht:** Rás Sealaíochta Uisceadánaíochta

**Nasc Físeáin:** *"The cycle goes from fish tank → grow bed → clean water → back to fish!"*

**Nod:** An cuimhin leat ord an timthrialla uisceadánaíochta mar atá sa fhíseán? Déanaimis é a léiriú i rás sealaíochta!

Cuireann páistí rudaí éagsúla (iasc, uisce, cothaithigh, plandaí) ar aghaidh in ord trasna stáisiún.

Bain úsáid as cóin, lipéid, agus buicéid leis na céimeanna éagsúla den timthriall uisceadánaíochta a léiriú.

**Scileanna:** Comhordú, comhoibriú, seicheamh gluaiseachta

## DRÁMA (Iniúchadh agus Léiriú)

**Gníomhaíocht:** Athchruthaigh "Lá Inbhuanaithe Beo & Raja"

**Nasc Físeáin:** An scéal iomlán ón bhfíseán

**Nod:** An féidir leat an radharc a léiriú ina bhfaigheann siad amach gur as Beirlín an t-iasc? Cad iad na ceisteanna a chuirfeá orthu dá mba iad féin thú?

I mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, athchruthaigh na radhairc seo: ollmhargadh, foghlaim faoi uisceadánaíocht, ag ceiliúradh a rogha éiceabhách.

**Scileanna:** Comhbhá, scéalaíocht, feabhsú

## MUSIC (Listening, Performing)

**Gníomhaíocht:** Cum Amhrán

**Nasc Físeáin:** *"It's circularity!"*

**Nod:** Cén chaoi ar fhoghlaim Beo agus Raja go raibh an córas ciorclach? An féidir leat céimeanna na huisceadánaíochta a chanadh?

Cum amhrán ranga ag baint úsáide as rithimí simplí le cur síos a dhéanamh ar an timthriall:

Bain úsáid as cnagadh coirp nó uirlisí ceoil.

**Scileanna:** Rithim, scríbhneoireacht liricí, comhoibriú

## BÉARLA, EALAÍN (Ó bhéal, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht, Líníocht)

**Gníomhaíocht 1:** Déan sealchlárú den eachtra

**Nasc Físeáin:** *"Let's go home – I'm hungry!"*

**Nod:** Céard a d'aimisigh siad ag an deireadh? An féidir leat an scéal a insint i do chuid focal féin?

Tarraingíonn na páistí painéil ghreannáin de thuras Beo & Raja: ollmhargadh → eolas nua → foghlaim → cinneadh → ceiliúradh.

Scríobh fotheidil nó bolgáin cainte.

**Gníomhaíocht 2:**

Iarr ar na páistí, i mbeirteanna, na príomhchoincheapa a chur in abairtí:

- **Aquaculture**
- **Hydroponics**
- **Aquaponics**

- **Sustainability**
- **Bioeconomy**

**Scileanna:** Éisteacht, scríobh, smaointeoireacht dhátheangach

## GAEILGE (Labhairt, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht)

**Gníomhaíocht 1:** Aistriúchán

**Nasc Físeáin:** *"Okay, so based on the label..."*

**Nod:** Cad a dúirt Beo nuair a léigh sí an lipéad? An féidir leat an scéal a insint i nGaeilge?

Aistrigh codanna den chomhrá go Gaeilge. Mar shampla:

"What do we want to eat today? Let's eat fish" - "Céard atáimid ag iarraidh a ithe inniu? Ithimis iasc"

Bain úsáid as spléach-chártaí le haghaidh focail nua: éisc (fish), inbhuanaithe (sustainable), lipéad (label)

**Gníomhaíocht 2:**

I bpéirí, fiafraigh de na páistí na príomhchoincheapanna a chur in abairtí:

- **Aquaculture -** Dobharshaothrú
- **Hydroponics** - Hidreapónaic
- **Aquaponics** - Uisceadánaíocht
- **Sustainability** - Inbhuanaitheacht
- **Bioeconomy -** Bithgheilleagar

**Scileanna:** Éisteacht, scríobh, smaointeoireacht dhátheangach, aistriúchán

## STAIR (Leanúnachas agus Athrú)

**Gníomhaíocht:** Feirmeoireacht san Am Atá Caite agus san Am i Láthair

**Nasc Físeáin:** *"...with hydroponics – no soil is needed!"*

**Nod:** San fhíseán, níor úsáid siad cré - an gceapann tú gur úsáid feirmeoirí na modhanna seo i gcónaí? Cad atá difriúil anois?

Déan comparáid idir feirmeoireacht thraidisiúnta (cré, talamh) agus modhanna nua-aimseartha (feirmeoireacht uirbeach, uisceadánaíocht). Cruthaigh amlíne ó ghaistí éisc ársa go dtí umair chathracha nua-aimseartha go dtí an uisceadánaíocht.

## EALAÍN (Líníocht, Tógáil, Fabraic & Snáithín)

**Gníomhaíocht 1:** Múrphictiúr Dúlra faoi théama na huisceadánaíochta

**Nasc Físeáin:** *“Let’s have a closer look at this perch production cycle!”*

**Nod:** San fhíseán, ghlan an gairbhéal an t-uisce. Cén t-ábhar faoin aer a d'fhéadfá a úsáid len é sin a léiriú i do mhúrphictiúr? Céard iad na dathanna agus na cruthanna is féidir leat a fháil sa nádúr a léiríonn an timthriall?

**Foghlaim Allamuigh:** Tabhair na daltaí chuig gairdín na scoile, clós súgartha, nó limistéar glas áitiúil. Bailigh ábhair nádúrtha (duilleoga, clocha beaga, craobhóga, cinn síolta, féar triomaithe, coirt).

**Tasc Ealaíne:** I ngrúpaí, amuigh faoin aer, bain úsáid as na rudaí a d’amsigh na páistí le múrphictiúr urláir mórscála den timthriall uisceadánaíochta a chruthú.

Lipéadaigh na comhpháirteanna le comharthaí nádúrtha (m.sh. clocha beaga le haghaidh leaba gairbhéil, duilleoga le haghaidh basal, sliogáin le haghaidh iasc).

Glac grianghraf den múrphictiur ó thuas len é a dhoiciméadú.

**Scileanna:** Taighde, Cruthaitheacht, Comhoibriú

**Gníomhaíocht 2: Colláis Teicstíle – Feirm Chathrach i mBosca Bróg**

**Nasc Físeáin:** *“So the basil plants are fixed in hydroponic beds…”*

**Nod:** An bhféadfá an phéirse a dhéanamh as fabraic? Cén chuma a bheadh ar fhréamhacha an bhaisil agus snáithe á úsáid agat? Conas a thaispeánfá uisce ag gluaiseacht tríd an gcóras?

**Ábhair:** Boscaí bróg, fabraic dramhaíola, sreangán, plaisteach athchúrsáilte, scragall, líontán, bairr bhuidéil, corc, srl.

**Tasc Ealaíne:** Tóg diorama 3T taobh istigh de bhosca bróg le múnla a dhéanamh ar chóras uisceadánaíochta atá bunaithe i gcathair (m.sh. feirm ar dhíon i mBeirlín). Bain úsáid as sreangán le píopaí agus sreabhadh a thaispeáint. Cruthaigh fréamhacha plandaí as olann nó sreangán, agus éisc as cárta nó fabraic athchúrsáilte.

**Rogha Trasnaithe:** Ealaín + Drámaíocht: Bain úsáid as an múrphictiúr nó as an mbosca bróg leis an timthriall a chur i láthair mar insint drámaíochta, ag míniú an méid a tharlaíonn ag gach céim.

**Scileanna:** Drámaíocht, Mapáil, Cruthaitheacht

## EOLAÍOCHT (OSE: Rudaí Beo, Feasacht Chomhshaoil)

**Gníomhaíocht 1:** Stáisiún Imscrúdaithe Uisceadánaíochta Allamuigh

**Nasc Físeáin:** *"The good bacteria convert ammonia to nitrate…"*

**Nod:** Sa fhíseán, níor fhás an basal i gcré ach in uisce. An féidir leat é sin a thástáil? Cé acu ceann a fhásann níos fearr anseo?

Eagraigh é i gClós na Scoile nó sa Ghairdín:

Úsáid prócaí gloine, uisce báistí, gairbhéal agus plandaí (miontas, basal).

Lig do na daltaí turgnaimh bheaga a thástáil:

1. An féidir le basil fás in uisce amháin?
2. Cá bhfásann basil níos fearr – i gcré nó i ngairbhéal?
3. Cad a tharlaíonn nuair a úsáidtear uisce ó umar éisc?

**Scileanna:** Breathnóireacht, Réamhaisnéis, Athróga a thástáil, Comparáid a dhéanamh idir thorthaí

**Gníomhaíocht 2: Timthriall Nítrigine i bPróca**

**Nasc Físeáin:** *"The bed gravel… filter, remove ammonia, nitrate…"*

**Nod:** An cuimhin leat conas a bhog na cothaithigh tríd an gcóras sa fhíseán? Cad a tharlaíonn dár bplanda le himeacht ama? An féidir leat léaráid cosúil le timthriall Beo agus Raja a tharraingt leis an méid atá ag tarlú i do phróca a mhíniú?

**Ábhair:** Prócaí arda, gairbhéal, uisce, braoiníní uisceadáin (nó stiallacha tástála níotráite sábháilte), plandaí beaga uisce (cosúil le gearrthóga elodea nó basail), éisc órga más féidir.

**Céimeanna:**

1. Líon na prócaí le gairbhéal agus uisce. Nó bain úsáid as umar éisc mór!
2. Cuir isteach na gearrthóga plandaí.
3. Mar rogha air sin, cuir iasc beag i bpróca amháin.
4. Breathnaigh ar na hathruithe a thagann ar na plandaí agus ar an uisce thar tréimhse seachtaine.

5. Déan comparáid idir an fás a tharlaíonn sna prócaí a bhfuil gairbhéal/éisc iontu agus na cinn gan iad.

**Cuir Eilimint Allamuigh leis:** Cuir na prócaí in aice le fuinneog nó amuigh faoin aer. Spreag na daltaí le monatóireacht a dhéanamh ar an teocht agus ar an mbáisteach (coinníollacha áitiúla).

### BÓNAS – Leathnaigh go dtí EALAÍN + EOLAÍOCHT:

"Peirspictíocht na Péirse" – Dúshlán Líníochta Eolaíochta

**Nasc Físeáin:** *"Let's have a closer look..."*

**Nod:** Céard iad na sonraí a thugann tú faoi deara faoi eití an éisc nó faoi fhréamhacha an phlanda?

An eolaí-ealaíontóir thú? Déan taighde ar an bpéirse agus ar bhasal.

Cruthaigh líníochtaí breathnóireachta eolaíocha den dá cheann, ag cur fíricí leis (aiste bia, gnáthóg, ról san uisceadánaíocht).

## Measúnú

**Breathnóireacht:** Déan monatóireacht ar rannpháirtíocht na bpáistí le linn plé agus gníomhaíochtaí lena dtuiscint ar na coincheapa a mheas.

**Obair Chruthaitheach:** Déan meastóireacht ar thionscadail ealaíne agus ar ghníomhaíochtaí uilig na bpáistí le tomhais a dhéanamh ar a dtuiscint agus ar a gcumas na coincheapa a chur i bhfeidhm.

**Machnamh:** Déan athbhreithniú ar obair na bpáistí lena nasic phearsanta le coincheapa an fhíseáin a mheas.

Trí na treoirnótaí seo a leanúint, is féidir le hoideoirí úsáid éifeachtach a bhaint as an bhfíseán 'BioBeo Sustainable Fish in a Bioeconomy' le múineadh do pháistí faoin mbithgheilleagar agus faoi idircheangailteacht an nádúir ar bhealach atá mealltach agus taitneamhach.